Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

# Ealaín

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

### Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% d'iomlán na marcanna don Ealaín

**Dé hAoine, 5 Bealtaine, Maidin 9.30 – 12.00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóirí **Dé hAoine, 28 Aibreán.**

### Treoracha

- Tig leat úsáid a bhaint as dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis, nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl sé ceadaithe dathanna ola ná ábhar orgánach neamhbhuan a úsáid, áfach. Níl sé ceadaithe leithéidí stionsal, teimpléad, íomhánna rianaithe, réamhobair ealaíne ná íomhánna fótagrafacha a thabhairt isteach go dtí an scrúdú mar áiseanna.
- Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann chuige sin ar an mbileog A2. Scríobh teideal an pháipéir – 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' – díreach faoi bhun na háite a bhfuil do Scrúduimhir.
- Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú,** á dheimhniú go bhfuil sí folamh. Uasmhéid na bileoige: A2.

**Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas**:

1. Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann amháin de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D, E. Ní mór duit an túsphointe agus an réasúnaíocht atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua. Ba chóir duit é sin a scríobh ar chúl na bileoige líníochta agus a chur in iúl cén bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat.

2. Déan saothar, **Ábhar Neamhbheo,** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil tuairisc orthu i gceann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E, nó ar fhoireann nithe a mheabhraíonn an sliocht duit. Ní mór duit na nithe ábhartha a thabhairt leat chuig an ionad scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. Ní mór é sin a chur i gcrích in am, roimh thús an scrúdaithe. Ní mór duit an túsphointe agus an réasúnaíocht atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua. Ba chóir duit é sin a dhéanamh ar chúl na bileoige líníochta agus a chur in iúl cén bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat.

3. Déan saothar, **Cumadóireacht Theibí,** bunaithe ar smaoineamh a spreagfaidh ceann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E, ionat nó a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. Ba chóir duit an túsphointe agus an réasúnaíocht atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige líníochta agus a chur in iúl cén bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat. Luaigh go soiléir cé acu atá á leanúint ag do Chumadóireacht Theibí, rogha 1 – Cumadóireacht Shamhlaíoch, nó rogha 2 – Ábhar Neamhbheo.

## Sleachta Tuairisciúla

### Sliocht A

Is dóigh le daoine gur déanta de mhiotal a bheadh spásárthaí na n-eachtrán, iad soladach agus soilse ar a bhfud, agus go mbogfaidís go mall tríd an spéir, mar is ar an gcaoi sin a dhéanfaimisne spásárthach dá mbeadh ar ár gcumas ceann chomh mór leis sin a dhéanamh. Ach is dócha go mbeadh na heachtráin, más ann dóibh, go mbeidís an-éagsúil linn féin. D'fhéadfadh cuma seilidí a bheith orthu, nó iad a bheith leacaithe comhréidh mar a bheadh frithchaitheamh ann. Nó d'fhéadfaidís a bheith níos mó ná pláinéid. Nó tharlódh nach mbeadh colainn ar bith acu. D'fhéadfadh sé nach mbeadh iontu ach faisnéis, faoi mar atá i ríomhaire. Agus d'fhéadfadh a gcuid spásárthaí a bheith ar chuma scamall, nó a bheith comhdhéanta d'earraí neamhnasctha ar chuma dusta nó duillí.

Sliocht as *The Curious Incident of the Dog in the Night-Time* le Mark Haddon, a d'fhoilsigh Vintage.

### Sliocht B

Íoróin chomh hard le Peter Crouch é go gcuirfí David Beckham den pháirc tar éis dhá chárta bhuí a fháil – ba bheag an chúis a bhí leo – agus bualadh bos a fháil ón slua ar aon dul leis an mbualadh bos a tugadh dó anseo ceithre bliana ó shin i gcúinsí a bhí an-éagsúil go deo. An uair sin, i ndeireadh an chluiche in aghaidh na Gréige – an cluiche ab fhearr a d'imir sé riamh ina shaol – d'aimsigh an captaen cúl comhscóir a bhí chomh drámata le cúl ar bith a scóráladh riamh sna soicindí déanacha ina leithéid de mhórchluiche tábhachtach; cúl a chuir Sasana ar aghaidh go dtí cluichí ceannais Chorn an Domhain in 2002. Chuaigh an tír le mire. Tá Beckham 30 bliain d'aois anois agus é ina imreoir níos iomláine, mura bhfuil an tiomáint dhinimiciúil chéanna ag baint leis. D'imir sé leis an bhfaghairt chéanna sa chluiche seo ach thuill sé míghean an réiteora in imeacht dhá nóiméad sa dara leath. Chuaigh a ainm sa leabhar den chéad uair i ngeall ar an uillinn a úsáid sa leath Ostarach den pháirc, agus an dara huair nuair a leag sé Andreas Ibertsberger díreach taobh amuigh de líomatáiste pionóis Shasana.

Agus slua Old Trafford, olc orthu mar gheall ar an éagóir a rinneadh ar dhuine nár tugadh gean i gcónaí dó anseo, d'éirigh siad chun bualadh bos a thabhairt ina seasamh dó agus é ag fágáil na páirce.

Cad é mar chaidreamh ait a bhí riamh againn leis an bhfear céanna.

Tá daoine ann a deir gur fearr a chruthaíonn sé tigh an ghruagaire ná ar an bpáirc sacair, cruthú ar a éagantacht agus ar a easpa fuaiminte. Instinní an tréada a bhí mar bhun leis an meon sin riamh, diúltú glan an fear féin a iniúchadh faoina fholt tuartha. Bheadh na daoine sin lánsásta leo féin inné.

Alt le Kevin Mitchell ar *The Observer*, 9 Deireadh Fómhair 2005.

## Sliocht C

Leag mé féin agus Mary Lou an bord, ach measaim gur saothar in aisce ba ea é. Thuirling gach aon duine ar an mbord i bhflústar mór círéibeach, agus leagadh gloiní agus seoladh foirc ar an urlár agus ardaíodh plátaí (nár mheaitseáil a chéile, a dúirt Phoebe liom) á rá, 'Liomsa an pláta sin. Tá pláta na nóiníní uaimse,' agus 'tabhair dom an ceann gorm! Liomsa atá an pláta gorm'. Shuigh Phoebe agus mé féin idir Mary Lou agus Ben. Bhí pláta ollmhór de chirceoil fhriochta i lár an bhoird. Arsa Phoebe: 'Sicín? Friochta? Ní sheasann mo bholg bia friochta. Tá sé ró-leochaileach.' Thug sí sracfhéachaint ar phláta Ben. Bhí trí phíosa sicín tógtha aige. 'Níor chóir duit é sin a ithe, Ben. Níl bia friochta go maith duit. Ar an gcéad dul síos, tá colaistéaról…'

Bhí Mr Finney ag stánadh síos ar an gcirceoil a bhí aigesean. Bhí a liopaí á rolladh ag Mrs Finney ar chuma aisteach. Faoin am seo bhí na pónairí curtha ar aghaidh chuig Phoebe, a bhí á scrúdú go haireach. 'Ar chuir tú im ar na pónairí seo, Mrs Finney?'

'Chuir. Cad atá cearr leis an im?'

'Colaistéaról,' arsa Phoebe. 'Co-lais-téar-ól san im.'

'Á,' arsa Mrs Finney. 'Colaistéaról.' D'fhéach sí ar a fear céile. 'Bí cúramach, a stór. Tá colaistéaról ar na pónairí.'

Stán mé ar Phoebe. Tá mé cinnte nár mise an t-aon duine amháin sa seomra a thachtfadh í. Chuir Ben a phónairí i leataobh a phláta. D'ardaigh Maggie pónaire agus d'iniúch sí é. Nuair a tháinig na prátaí, mhínigh Phoebe go raibh sí ar aiste bia agus nach n-íosfadh sí stáirse. D'fhéach an chuid eile againn go gruama ar ár bplátaí. Ní raibh tada faoin spéir ar phláta Phoebe. Arsa Mrs Finney, 'Cad a bhíonn agat le hithe mar sin, Phoebe?'

'Réitíonn mo mháthair béilí speisialta do veigeatóirí dom. Bíonn mórán sailéad agus glasraí againn. Sárchócaire is ea mo mháthair.'

Níor luaigh sí ar chor ar bith an colaistéaról sna pióga agus sna *brownies* a dhéanann a máthair.

Sliocht as *Walk two Moons* le Sharon Creech, a d'fhoilsigh Macmillan Children's' Books, 2001.

## Sliocht D

Pé uair a chastar Harry orm déanaim meangadh. Cuirtear an lá ar a bhonn i gceart ach é a fheiceáil. Go moch ar maidin a bhuailim leis de ghnáth, cois na habhann, agus siúd é agus a chloigeann liath cromtha sna ghuaillí aige, ag machnamh go domhain ar an lá amach roimhe. Níos deireanaí, bíonn Harry glanta leis agus é i mbun cibé rud a dhéanann na corra réisc, ag iascach is dócha. Iascaire den scoth é Harry.

Is maith liom dúiseacht go moch. Osclaím na cuirtíní, déanaim cupán tae agus ar ais liom sa leaba ag léamh tamall. Mealltar mo shúil i gcónaí, áfach, i dtreo fairsinge na spéire os comhair na fuinneoige. Feicim Harry ag eitilt lastuas ó am go chéile. Tugaim Harry air toisc go dtéann an t-ainm leis, braithim. Ní féidir ainmneacha a bhaisteadh ar na héin ar fad a mbuailim leo

toisc go bhfuil an iomarca ann díobh, ach níl ach an t-aon Harry amháin ann. Osclaím an fhuinneog chun éisteacht leis na héin ag feadaíl agus ag míogadh. Fágaim bia dóibh amuigh agus cúitíonn siad liom é lena gceol. Siúd í an spideog, ar breá le cluas an duine a ceiliúr ach a bhíonn ag bagairt go borb ar éin eile; agus dreoilín aoibhinn a bhfuil glóraíl an-tréan aige agus é chomh mion ina chabhail. Ansin bíonn na druideanna ag geabaireacht, bíonn an lon dubh diongbháilte ann, Siobháinín an bhóthair agus an ghlasóg liath ag sciorradh thart, agus na glasáin gan dabht – an rí rua, an glasán darach, an lasair choille, an corcrán coille – iad i mbun taispeántas *virtuoso* agus mé ceaptha a bheith ag scríobh ag mo dheasc ag an bhfuinneog.

Agus sa samhradh cé acu duine againn nach mbeadh faoi dhraíocht iomlán ag teaspach aeraclaíochta na ngabhlán gaoithe agus na bhfáinleog ar thóir feithidí san aer? Chonaic mé, uair amháin, stríoca óir ag sciorradh thar uisce na canála agus isteach sa duilliúr tiubh ar na bruacha agus thuig mé gur chruidín a bhí ann.

Sliocht as *Harry makes me Smile* le Barbara McKeon as *Sunday Miscellany: A selection from 2003 and 2004*, a d'fhoilsigh Townhouse, Baile Átha Cliath.

### Sliocht E

Tá pictiúr díom ann agus mé a trí nó a ceathair de bhlianta d'aois, an t-aon cheann amháin ón tréimhse sin a tháinig slán ó dhéithe na cinniúna agus ó chinneadh Paulina del Valle aon rian de mo bhunús sinseartha a scriosadh. Píosa de chairtchlár caite atá ann, i bhfráma taistil, ceann de na cásanna seanda sin de mhiotal agus de veilbhit a bhí go mór san fhaisean sa naoú haois déag ach nach n-úsáideann duine ar bith níos mó. San fhótagraf tá leanbh an-bheag le feiceáil agus í gléasta i stíl na mbrídeach Síneach, ionar fada de shról bróidnithe uirthi os cionn treabhsair ar dhath eile; tá sí ag caitheamh slipéar beag leochaileach a bhfuil boinn den fheilt bhán fúthu agus sraith thanaí adhmaid mar chosaint orthu. Tá an ghruaig dhorcha scuabtha in airde i mbarrshnaidhm atá ró-ard dá méid, agus á coinneáil in airde le dhá phionna thiubha, d'ór nó d'airgead, agus barrscoth bheag bláthanna a nascadh siúd. Tá fean oscailte ina lámh ag an leanbh agus í ag gáire, b'fhéidir, ach nach féidir na ceannaithe a dhéanamh amach i gceart; gealach mhílítheach a haghaidh agus dhá smúiteán in áit na súl. Taobh thiar den chailín is féidir cloigeann ollmhór dragún páipéir a dhéanamh amach agus réaltaí tinte ealaíne ag spréacharnach. Tógadh an fótagraf agus an Bhliain Nua Shíneach á ceiliúradh in San Francisco. Ní cuimhin liom an ócáid, agus ní aithním an leanbh san aon phortráid amháin sin a tháinig slán.

Sliocht as *Portrait in Sepia* le Isabel Allende, a d'fhoilsigh Flamingo, 2002.

Leathanach Bán

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**